# DÁIL ÉIREANN

**NASC-GHABHÁIL NA PAILISTÍNE.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 26ú lá seo de Bhealtaine, 2021.

**ANNEXATION OF PALESTINE.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 26th day of May, 2021.

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:
For transmission to: *Deputy John Brady*

Go ndéanann Dáil Éireann:

— a thabhairt dá haire go bhfuil an méadú is measa ó 2014 i leith, tagtha ar fhoréigean in Iosrael agus sa chríoch Phailistíneach atá faoi fhorghabháil (i.e. an Bruach Thiar, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir agus Stráice Gaza) le roinnt seachtainí anuas, is rud a bhfuil tionchar tragóideach aige ar shibhialtaigh neamhchiontacha agus go bhfuair daoine bás dá dheasca, 65 leanbh ar a laghad san áireamh;

— cáineadh ar ghníomhartha foréigneacha Hamas agus grúpaí míleatacha eile, lena n-áirítear roicéid agus feistí loiscneacha a scaoileadh ó Gaza isteach in Iosrael, ar an tslí ar ar fhreagair Iosrael go díréireach dochosanta nuair a rinne siad buamáil ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar bunriachtanach i Stráice Gaza, ar dhaoine a bheith á marú in Iosrael agus sa Phailistín araon, agus meabhraíonn sí go bhfuil oibleagáidí ar gach ceann de na páirtithe faoin dlí daonchairdiúil idirnáisiúnta agus faoi na dlíthe idirnáisiúnta i leith chearta an duine sibhialtaigh agus leanaí a chosaint in éineacht le tacaíochtaí daonchairdiúla a sholáthar chun cabhrú le Gaza a atógáil;

— fáilte a chur roimh an sos comhraic a fógraíodh an 21 Bealtaine, agus a iarraidh ar na páirtithe go léir tacú lena chur i ngníomh;

— béim a chur ar a thábháchtaí atá sé go mbeidh rochtain gan mhoill gan bhac ar chúnamh daonchairdiúil ríthábhachtach dóibh siúd atá faoi anás;

— a dhearbhú nach féidir síocháin chóir mharthanach a chur ar bun gan aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht, ar an míchothromacht, ar an éagóir agus ar na cúiseanna is bunsiocair leis na babhtaí foréigin seo, agus mura mbeidh cuntasacht fhiúntach ann as aon sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta; agus

— a aithint go bhfuil an bonn á bhaint ón ionchas go mbeidh síocháin ann de dheasca an díláithrithe éigeantaigh ar an bpobal Palaistíneach atá faoi chosaint agus lonnaíochtaí Iosraelacha a bheith ar bun agus á leathnú amach sa Bhruach Thoir, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir, ní hamháin le roinnt seachtainí anuas ach leis na deicheanna de bhlianta anuas, agus gur sáruithe neamhnáireacha ar an dlí idirnáisiúnta iad sin;

a thabhairt dá haire thairis sin:

— gurb ionann críoch a nasc-ghabháil, cibé acu *de*

That Dáil Éireann:

— notes that recent weeks have seen the most serious escalation of violence in Israel and the occupied Palestinian territory (i.e. the West Bank, including East Jerusalem and the Gaza Strip) since 2014, with a tragic impact on innocent civilians and loss of life, including the deaths of at least 65 children;

— condemns the violent acts of Hamas and other militant groups, including the firing of rockets and incendiary devices from Gaza into Israel, the disproportionate and indefensible response of Israel bombing civilians and essential infrastructure in the Gaza Strip, the loss of life in both Israel and Palestine, and recalls the obligations on all parties under international humanitarian law and international human rights law to protect civilians and children while providing humanitarian supports to help rebuild Gaza;

— welcomes the announcement of the ceasefire of 21st May, and calls on all parties to support its implementation;

— emphasises the importance of immediate and unimpeded access for vital humanitarian assistance for those in need;

— affirms that a just and lasting peace requires addressing the poverty, inequality, injustice and underlying root causes of these cycles of violence, and meaningful accountability for breaches of international law; and

— recognises that the forced displacement of the protected Palestinian population and the presence and expansion of Israeli settlements, in the West Bank, including East Jerusalem, undermines the prospects of peace, not just in recent weeks but over decades, and represent flagrant violations of international law;

further notes that:

— the annexation of territory, whether *de jure* or

*jure* nó *de facto*, agus sárú a dhéanamh ar phrionsabal bunúsach an dlí idirnáisiúnta a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe (NA) ina ndeirtear "Staonfaidh an uile Bhallstát ina chaidreamh idirnáisiúnta ón bhforneart a bhagairt nó a úsáid i gcoinne shláine chríche nó neamhspleáchas polaitiúil aon stáit, nó ar aon slí eile atá ar neamhréir le hAidhmeanna na Náisiún Aontaithe,", agus aibhsítear i Rún 2334 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) (Nollaig 2016) i dtaobh Iosrael "go bhfuil sé neamh-inghlactha críoch a fháil trí fhorneart", rud atá ag teacht leis an bhfrása bunaidh i Rún 242 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i mí na Samhna 1967;

*de facto*, is a violation of the fundamental principle of international law enshrined in Article 2(4) of the United Nations (UN) Charter which states "All Members shall refrain in their international relations from the threat or use of force against the territorial integrity or political independence of any state, or in any other manner inconsistent with the Purposes of the United Nations", and UN Security Council (UNSC) Resolution 2334 (December 2016) on Israel underscores "the inadmissibility of the acquisition of territory by force", echoing the original phrase from UNSC Resolution 242 in November 1967;

— go bhfuil Coinbhinsiúin na Ginéive, 1949, agus na prótacail a ghabhann leo, ina gceangal ar Éirinn mar Ardpháirtí Conarthach, agus déantar foráil leo nach mór do na páirtithe sna Coinbhinsiúin na Coinbhinsiúin a urramú agus deimhin a dhéanamh de go n-urramófar iad;

— the Geneva Conventions of 1949, and their protocols, bind Ireland as a High Contracting Party, and provide that parties to the Conventions must respect and ensure respect for the Conventions;

— go dtoirmeasctar ar Chumhacht Forghabhála faoin gCeathrú Coinbhinsiún de Choinbhinsiúin na Ginéive codanna dá pobal sibhialta féin a aistriú isteach sa chríoch atá faoi fhorghabháil aici;

— the transfer by an Occupying Power of parts of its own civilian population into the territory it occupies is prohibited under the Fourth Geneva Convention;

— gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta ina tuairim chomhairleach in 2004 ar na hIarmhairtí Dlíthiúla a ghabhann le Balla a Thógáil sa Chríoch Phailistíneach atá faoi Fhorghabháil, gurb amhlaidh, de bharr an balla agus an córas a ghabhann leis a bheith tógtha, go bhfuil "beart curtha i gcrích cheana féin ar an talamh, ar ródhócha go ndéanfaí beart buan de agus, dá dtarlódh sin, agus d'ainneoin an léirithe fhoirmiúil atá déanta ag Iosrael ar an mballa, gur gheall le nasc-ghabháil *de facto* é.";

— in its 2004 advisory opinion on the Legal Consequences of the Construction of a Wall in the Occupied Palestinian Territory, the International Court of Justice held that the construction of the wall and its associated regime "create a '*fait accompli*' on the ground that could well become permanent, in which case, and notwithstanding the formal characterization of the wall by Israel, it would be tantamount to *de facto* annexation.";

— gur athraigh Iosrael carachtar agus stádas Iarúsaléim, nó go n-airbheartaíonn sí an carachtar agus an stádas sin a athrú, tríd an gcríoch a nasc-ghabháil *de jure*, agus go bhfuil sí tar éis "dlí, dlínse agus riarachán" dá cuid a leathnú chuig Gólán na Siria agus gur cháin CSNA an dá bheart sin mar bhearta "gan aon bhailíocht dhlíthiúil" arb éard atá iontu "sárú neamhnáireach ar Cheathrú Coinbhinsiún na Ginéive" i Rúin 476 agus 478 (Iarúsaléim) agus 497 (Gólán na Siria) de chuid CSNA;

— Israel has altered and purports to alter the character and status of Jerusalem, by annexing the territory *de jure*, and has extended its "law, jurisdiction and administration" to the occupied Syrian Golan and the UNSC has condemned both steps as having "no legal validity" and constitute "a flagrant violation of the Fourth Geneva Convention" in UNSC Resolutions 476 and 478 (Jerusalem) and 497 (Syrian Golan);

— go bhfuil os cionn 600,000 coilíneach ón Iosrael ina gcónaí i lonnaíochtaí neamhdhleathacha a bunaíodh sa Bhruach Thiar, lena n-áirítear Iarúsaléim Thoir, agus go leanann Rialtas Iosrael de na lonnaíochtaí sin a leathnú;

— there are now over 600,000 Israeli settlers living in illegal settlements established in the West Bank, including East Jerusalem, and the Israeli Government continues the expansion of these settlements;

— gur mheas Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe an méid seo a leanas maidir le staid chearta an duine i gcríoch na Palaistíne atá faoi fhorghabháil ó 1967 i leith, ina thuarascáil don 73ú Seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 22 Deireadh Fómhair 2018, “Rinneadh fianaise chruthúnais a bhunú le ráitis maidir lena bhfuil beartaithe ag Iosrael ó thaobh na polaitíochta de, mar aon le fíorais choilíniúcháin Iosrael ar an talamh, lena gníomhaíocht reachtach, agus lena diúltú cloí lena hoibleagáidí sollúnta faoin dlí idirnáisiúnta agus treoir an phobail idirnáisiúnta a leanúint i ndáil lena forghabháil le 51 bliain anuas, ar fianaise í go bhfuil cuid shuntasach den Bhruach Thiar nasc-ghafa ag Iosrael i ndáiríre agus go bhfuil sí ag caitheamh leis an gcríoch mar chríoch dá chuid féin.”; agus

— the UN Special Rapporteur on the situation of human rights in the Palestinian territory occupied since 1967, in his report to the UN General Assembly 73rd Session on 22nd October, 2018, concluded “Statements of political intent, together with Israel’s colonizing facts on the ground, its legislative activity, and its refusal to adhere to its solemn obligations under international law or to follow the direction of the international community with respect to its 51-year-old occupation, have established the probative evidence that Israel has effectively annexed a significant part of the West Bank and is treating this territory as its own.”; and

— go ndúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha an 23 Aibreán 2020, maidir le forbairtí in Iosrael, go bhfuil “toirmeasc faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear faoi Chairt na Náisiún Aontaithe, ar nasc-ghabháil chríche le forneart, aon uair agus aon áit a dtarlaíonn sí, i gcríocha na hEorpa nó ar fud an domhain. Is bunphrionsabal é seo i dtaobh caidreamh stát agus riail an dlí sa saol comhaimseartha. Ní féidir le haon stát amháin é sin a chur ar leataobh aon uair is mian leis.”;

— the Minister for Foreign Affairs stated on 23rd April, 2020, regarding developments in Israel, that “Annexation of territory by force is prohibited under international law, including the UN Charter, whenever and wherever it occurs, in Europe’s neighbourhood or globally. This is a fundamental principle in the relations of states and the rule of law in the modern world. No one state can set it aside at will.”;

a thabhairt chun cuimhne go ndéanann Éire idirdhealú idir críoch Stát Iosrael agus na críocha atá faoi fhorghabháil ó 1967 i leith, lena n-áirítear lonnaíochtaí neamhdhleathacha de chuid Iosrael, talamh ar glacadh seilbh air le haghaidh lonnaíochtaí sa todhchaí, agus críocha a tugadh isteach leis an mballa agus an réimeas a bhaineann leis;

recalls that Ireland distinguishes between the territory of the State of Israel and the territories occupied since 1967, including illegal Israeli settlements, land appropriated for future settlements, and territory incorporated by the wall and its associated regime;

díláithriú éigeantach phobail na Palaistíne i gcríoch faoi fhorghabháil na Palaistíne atá ag tarlú le déanaí agus atá ag leanúint ar aghaidh a cháineadh;

condemns the recent and ongoing forced displacement of Palestinian communities in the occupied Palestinian territory;

nasc-ghabháil ag Iosrael ar Iarúsaléim Thoir agus a gníomhaíocht lonnaíochta san áit sin agus in áiteanna eile sa Bhruach Thiar a cháineadh tuilleadh mar sháruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta agus mar mhór-chonstaicí ar shíocháin lena mbaintear an bonn ó inmharthanacht réiteach an dá-Stáit;

further condemns the annexation by Israel of East Jerusalem and its settlement activity there and in other areas of the West Bank, as serious breaches of international law and as major obstacles to peace that undermine the viability of the two-State solution;

a dhearbhú gurb ionann gníomhaíochtaí Iosrael agus nasc-ghabháil neamhdhleathach *de facto* na críche sin; agus

declares that Israel’s actions amount to unlawful *de facto* annexation of that territory; and

a iarraidh ar an Rialtas:

calls on the Government:

— gan aon staid a cruthaíodh trí aon sárú tromchúiseach den sórt sin ar an dlí idirnáisiúnta a aithint mar staid dhleathach, ná a thabhairt le tuiscint go n-aithnítear mar staid dhleathach í, agus gan cabhair nó cúnamh a chur ar fáil don

— not to recognise as lawful any situation created by any such serious breach of international law, nor to imply such recognition, and to not render aid or assistance to the responsible state in maintaining the

stát freagrach chun an staid arna cruthú amhlaidh a chothabháil agus comhoibriú a dhéanamh chun deireadh a chur leis an sárú tromchúiseach;

situation so created and to cooperate to bring the serious breach to an end;

— a thathant ar Iosrael deireadh a chur leis an ngníomhaíocht lonnaíochta uile agus gan bac a chur ar cheart comhchoiteann mhuintir na Palaistíne ina n-iomláine féinchinneadh a dhéanamh; agus

— to urge Israel to bring to an end all settlement activity and not to impede the collective right to self-determination of the Palestinian people as a whole; and

— a chuid iarrachtaí a dhíriú ar dheireadh a chur le gníomhaíocht lonnaíochta agus an t-eolas is déanaí a chur in iúl go rialta do Dháil Éireann.

— to focus its efforts on bringing an end to settlement activity and to regularly update Dáil Éireann.